**Oíche Shamhna**

Oíche Shamhna a bhí ann. Bhí beirt bhuachaillí ann darbh ainm Mic agus Peats agus ní raibh aon úlla acu i gcomhair Oíche Shamhna. Chuadar go dtí an t-úllord agus ghoideadar na húlla a bhí ann. Ritheadar leo ar nós na gaoithe. Ní fhaca fear an úlloird iad. Bhíodar ag siúl fós, ansan dúirt Mic le Peats, 'Tá níos mó úlla agatsa ná mar atá agamsa'." Dúradar go raghaidís isteach sa reilig chun na húlla a roinnt.



Nuair a bhíodar ag dul isteach, thit dhá úll as mála Mhic. Dúirt Peats 'Priocfaimid suas iad nuair a bheimid ag teacht amach.' Roinneadar iad mar seo, 'ceann duitse, ceann domsa, ceann duitse, ceann domsa' agus mar sin do.

Bhí fear ag siúl taobh amuigh don reilig agus chuala sé iad istigh;. 'Ceann duitse, ceann domsa, ceann duitse, ceann domsa.' Dúirt sé leis féinig gurbh iadsan Dia agus an Diabhal a bhí ag roinnt na marbh agus rith sé leis go dtí tigh an tsagairt.

D'inis sé an scéal don sagart. Chuaigh an fear agus an sagart go dtí an reilig agus chualadar iad istigh; 'ceann duitse, ceann domsa, ceann duitse, ceann domsa' agus mar sin do. Ansan dúirt Mic le Peats 'Cad mar gheall ar an dá cheann amuigh ar an mbóthar?'

Cheap an fear agus an sagart gurb iad fhéinig a bhí i gceist agus ritheadar leo ar nós na gaoithe.